Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021
(OR. en)

7931/21

| | |
|---|---|
| CFSP/PESC 382 | COHOM 76 |
| COPS 143 | COVID-19 154 |
| MAMA 66 | CONUN 56 |
| WTO 110 | JAI 395 |
| ENV 235 | COTER 47 |
| ENER 124 | TRANS 216 |
| ECOFIN 351 | EMPL 154 |
| BUDGET 6 | DIGIT 49 |
| DEVGEN 75 | EDUC 125 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7850/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt - Clár oibre nua don Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár oibre nua don Mheánmhuir, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn an 16 Aibreán 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHT ATHNUAITE LE COMHARSANACHT AN DEISCIRT - CLÁR OIBRE NUA DON MHEÁNMHUIR

1. Is tosaíocht chomhroinnte agus leas bunúsach don Aontas agus dá chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt araon í Comharsanacht an Deiscirt atá daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla. Tá méadú tagtha ar na dúshláin dhomhanda agus réigiúnacha atá romhainn agus é léirithe acu cé chomh spléach ar a chéile atá muid. Na cuspóirí a leagadh amach 25 bhliain ó shin in Barcelona chun an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an rathúnas a thabhairt do mhuintir na Meánmhara, ní chomhlíonfar iad ach amháin trí ghníomhaíocht níos láidre de mheon na comhpháirtíochta agus na comhúinéireachta.

2. Ag meabhrú di na Conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh i mí na Nollag 2020 agus Ráiteas ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais lena chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt a athnuachan agus a neartú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna, leas a bhaint as deiseanna comhroinnte agus tairbhe a bhaint as acmhainneacht ár réigiúin chomhroinnte. Tá an Chomhairle tiomanta é sin a dhéanamh i gcomhar leis na tíortha Comhpháirtíochta, ag tógáil ar an machnamh comhpháirteach le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt ar cuireadh tús leis ag an gcruinniú aireachta idir an tAontas Eorpach agus Comharsanacht an Deiscirt a tionóladh in Barcelona an 26 Samhain 2020.

3. Is mór an éifeacht a bhí ag paindéim COVID-19 ar an Aontas agus ar a Chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt araon, le himpleachtaí diúltacha aici ar shláinte agus ar shlí bheatha na saoránach. Aithnítear limistéar na Meánmhara freisin mar theophointe don athrú aeráide, agus tionchar mór air cheana ag an ngéarú atá tagtha faoi fhairsingiú fásaigh, ag an nganntanas uisce agus ag ardú na dteochtaí. Léirigh na géarchéimeanna sin idirspleáchas méadaitheach réigiún na Meánmhara agus chuir siad chun suntais an gá atá leis an teacht aniar comhchoiteann a neartú agus bealaí nua a oscailt don chomhar feabhsaithe. In éineacht leis na deiseanna nua a eascraíonn as na haistrithe glasa agus digiteacha, is deis é seo chun clár oibre dearfach don chomhpháirtíocht a fhorbairt.

4. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt agus an togra le haghaidh Clár Oibre nua don Mheánmhuir agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go gasta agus go héifeachtúil é. Tá rannpháirtíocht athnuaite an Aontais bunaithe ar Chlár Oibre Straitéiseach 2019-2024, agus ar phríomhphrionsabail Bheartas Comharsanachta na hEorpa, cuireann sí leis an méid a bhain an beartas sin amach agus an taithí a fuarthas uaidh; agus tacófar léi trí úsáid éifeachtach a bhaint as gach ionstraim de chuid an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle tíolacadh Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta lena bhféadfar cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun earraí coiteanna na Meánmhara a chosaint ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil, ar leibhéal iltíortha agus ar an leibhéal réigiúnach.

5. Is gá an t-idirphlé polaitiúil ar fud na Meánmhara a neartú go suntasach. I ndáil leis sin, molann an Chomhairle go dtiocfadh Airí Gnóthaí Eachtracha an Aontais agus Airí Gnóthaí Eachtracha Chomhpháirtithe an Deiscirt le chéile ar bhonn bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre nua don Mheánmhuir. D'fhéadfaí Cruinnithe Mullaigh na gCeannairí Stáit agus Rialtais a eagrú freisin chun treoir pholaitiúil agus infheictheacht Chomhpháirtíocht athnuaite an Deiscirt a fheabhsú. Sa chreat sin, agus obair an Aontais don Mheánmhuir á cur san áireamh, molann sí freisin do na hAirí Earnálacha teacht le chéile i gcás inarb ábhartha chun dul chun cinn a dhéanamh i réimsí sonracha comhair do Chomharsanacht an Deiscirt. Ba cheart leas iomlán a bhaint as bealaí teagmhála seanbhunaithe, go háirithe na Comhairlí Comhlachais agus na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, arb iad an creat bunúsach polaitiúil agus an bunús don chlársceidealú cúnaimh i gcónaí, agus beidh an Chomhairle rannpháirteach go hiomlán ina n-ullmhú.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheictheacht leordhóthanach na rannpháirtíochta polaitiúla agus an chomhair le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt a áirithiú, lena n-áirítear trí fhor-rochtain, tionscnaimh taidhleoireachta poiblí, agus iarrachtaí comhpháirteacha institiúidí an Aontais agus na mBallstát. Iarrann sí go ndéanfaí cumarsáid straitéiseach an Aontais leis an Deisceart a neartú a thuilleadh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Misníonn an Chomhairle an comhar le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun bunú timpeallachtaí sláintiúla faisnéise a chur chun cinn, mar aon leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, agus bearta lena dtugtar aghaidh ar an mbréagaisnéis agus ar an mífhaisnéis.

7. Is príomhthosaíocht chomhroinnte agus bunchloch nuálach an Chláir Oibre nua don Mheánmhuir é téarnamh fadtéarmach inbhuanaithe socheacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh i gComharsanacht an Deiscirt. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh sé ríthábhachtach infheistíocht, lena n-áirítear infheistíocht ón earnáil phríobháideach, agus tacaíocht airgeadais agus theicniúil a shlógadh chun tairbhe a bhaint as acmhainneacht an réigiúin. Ba cheart don Aontas leas a bhaint as na hionstraimí uile atá aige agus dul i dteagmháil le hinstitiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun leathadh amach éifeachtúil, éifeachtach agus saincheaptha an Chláir don Mheánmhuir a áirithiú. Is den ríthábhacht é go ndéanfaidh Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt athchóirithe a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach i réimsí an rialachais, an smachta reachta, na cobhsaíochta maicreacnamaíche, na forbartha socheacnamaíocha agus na timpeallachta gnó, ionas go mbainfear leas iomlán a bhaint as an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus gur féidir rath comhpháirteach a bheith ann don Chomhpháirtíocht athnuaite.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a beartas prionsabail-bhunaithe maidir leis an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus maidir le hinstitiúidí daonlathacha agus an smacht reachta. Is cuid lárnach de Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus dár gcomhpháirtíocht ó Dhearbhú Barcelona 1995 i leith iad, agus tá siad bunriachtanach chun cobhsaíocht, slándáil agus forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a ráthú sa réigiún. Meabhraítear don Chomhairle go ndéantar Comhpháirtíocht an Deiscirt a fhorbairt chun leas na ndaoine ar dhá chósta na Meánmhara agus go bhfuil an ghné dhaonna lárnach dá rath. Is bunús don fhás, don infheistíocht agus do phoist iad an dea-rialachas, lena n-áirítear trí riarachán poiblí atá éifeachtach, cothrom agus trédhearcach, comhrac feabhsaithe an éillithe agus an rochtain chomhionann ar an gceartas. I gcomhréir le ‘Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024’, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di leanúint den obair le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun urraim do chearta an duine agus don daonlathas a chur chun cinn, agus chun an urraim sin a phríomhshruthú sa chlár oibre dár gcomhar. Cuirfidh an tAontas athchóirithe chun cinn sna réimsí sin, lena n-áirítear tríd an gcur chuige dreasacht-bhunaithe mar a leagtar amach é i mBeartas Comharsanachta na hEorpa agus san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, trína dtabharfar tacaíocht airgeadais bhreise do na tíortha sin a léiríonn go bhfuil tiomantas láidir acu chun athchóirithe maidir leis an daonlathas, an dea-rialachas agus an smacht reachta, *inter alia*, a chur chun feidhme, agus a léiríonn dul chun cinn ina leith sin, go háirithe na hathchóirithe sin a comhaontaíodh go comhpháirteach.

9. Ba cheart go mbeadh cur chun cinn deiseanna inchreidte inbhuanaithe don óige ina ghné lárnach den chomhar atá eadrainn. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí breise chun rannpháirtíocht na hóige i ndíospóireachtaí poiblí a neartú agus an clár oibre don óige a phríomhshruthú sa chomhar atá eadrainn, ár dtacaíocht don oideachas a threisiú agus teagmhálacha duine le duine a mhéadú, lena n-áirítear faoi Erasmus+, i dtimpeallacht shlán faoi chosaint. Tacaíonn sí freisin leis an gcomhar feabhsaithe i réimse an taighde, na nuálaíochta agus an chultúir, lena n-áirítear trí chomhlachas leis an gclár Fís Eorpach agus leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta. Thairis sin, ba cheart idirphlé na sochaí sibhialta idir dhá bhruach na Meánmhara a threisiú chun comhar agus tuiscint chomhpháirteach a chothú idir an tAontas agus Comharsanacht an Deiscirt. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur den ríthábhacht é tacaíocht an Aontais don tsochaí shibhialta a neartú, lena n-áirítear timpeallacht shlán chumasúcháin a chur chun cinn, mar bíonn gach daonlathas ag brath ar shochaí shibhialta atá saor agus bríomhar. Beidh an méid sin ina chuid dhílis de chur chun feidhme an Chláir Oibre nua don Mheánmhuir. Cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú go dtabharfaí cosaint do lucht cosanta cheart an duine, agus go mbeadh meáin neamhspleácha iolraíocha ann agus sábháilteacht d'iriseoirí. Iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí breise maidir le cearta na mban a neartú agus comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear trí inscne a phríomhshruthú sna hionstraimí agus sna cláir chomhair ar fad, mar aon leis an bPlean Eacnamaíochta agus Infheistíochta, agus aird á tabhairt ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir leis an tríú Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP) agus ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais do Mhná, don tSíocháin agus don tSlándáil.

10. Cuireann an Chomhairle chun suntais go bhfuil geilleagair athléimneacha, inbhuanaithe, chuimsitheacha, idirnasctha ríthábhachtach don cheartas sóisialta, don obair chuibhiúil agus do ghníomhaíocht éifeachtach na rialtas agus don trádáil agus ar mhaithe le hinfheistíocht a mhealladh agus a choimeád d'fhonn poist agus deiseanna cuibhiúla a chruthú, go háirithe don óige. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá éagsúlú na ngeilleagar agus na slabhraí luacha, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha a chruthú agus trí chúinsí gnó feabhsaithe a rachadh chun tairbhe na hearnála príobháidí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus as a bhféadfadh deiseanna nua teacht, lena n-áirítear "an gar-sheachfhoinsiú", nuair a chabhraíonn an méid sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha sa slabhra luacha, agus ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh. Nuachóiriú an chaidrimh trádála agus infheistíochta ar an leibhéal iltaobhach i gcomhthéacs EDT, ar an leibhéal déthaobhach, foréigiúnach, réigiúnach agus ilchríochach, lena n-áirítear trí bhíthin comhfhogasú rialála, agus deireadh a chur de réir a chéile le bacainní neamhtharaife agus costais trádála, agus an Gréasán Iompair Thras-Mheánmhuirí a fhorbairt go pras mar aon le nascacht dhigiteach níos fearr agus claochlú digiteach nuálach, beidh an méid sin uile ina spreagadh cumhachtach don iomaíochas, don chomhtháthú eacnamaíoch agus do chruthú fostaíochta cuibhiúla. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de na comhaontuithe trádála atá ann cheana a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh ina n-iomláine agus úsáid na bhfabhar a spreagadh a thuilleadh. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh a mhéid a bhaineann le nuachóiriú an chaidrimh trádála agus infheistíochta idir Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt agus an tAontas, ag tosú le hobair i dtreo Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála a bhunú. Tá sí ag súil freisin leis na deiseanna nua a d'fhéadfadh teacht as an bplé a bheidh ann amach anseo ar an athbhreithniú ar bheartas trádála an Aontais i ndáil leis sin. Tacaíonn an Chomhairle le glacadh agus le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh athbhreithnithe maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ("Coinbhinsiún PEM"), lena gcothófar tuilleadh comhtháthaithe réigiúnaigh. Cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil an tAontas toilteanach oibriú le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun tacú lena mbeartais eacnamaíocha, shóisialta, trádála agus infheistíochta lena gcuirtear comhdheiseanna agus comhionannas inscne chun cinn, lena dtugtar tús áite don chuimsiú, d'idirphlé sóisialta fóinteach agus do chosaint shóisialta spriocdhírithe chun neamhionannais shóisialta agus chríochacha atá ann cheana a laghdú.

11. Gníomhú ar son na haeráide agus saincheisteanna fuinnimh, go háirithe dul chun cinn an aistrithe chuig fuinneamh glas, is colún bunúsach an méid sin dár mbeartas i gComharsanacht an Deiscirt. Tá an Chomhairle cinnte gur féidir linn, trí oibriú i gcomhar lenár gComhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh an 25 Eanáir 2021, mórdheiseanna don fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh de dhúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, rud a chuirfidh le haistriú glas cóir agus cuimsitheach, lena n-áirítear trí phoist ghlasa a chruthú agus scileanna ábhartha a fhorbairt. I gcomhréir leis an ngné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip, oibreoidh an tAontas lena Chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt chun na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna) atá acu faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus chun a n-uaillmhianta aeráide a mhéadú, lena n-áirítear trí thacú le luasghéarú an aistrithe fuinnimh. Oibreoidh an tAontas lena Chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt chun idirnaisc agus an trádáil in iompróirí fuinnimh inbhuanaithe leis an Aontas a chur chun cinn. Oibreoidh sé le hInstitiúidí Airgeadais Eorpacha agus Idirnáisiúnta agus leis an earnáil phríobháideach chun forbairt córais eacnamaíoch agus airgeadais a chur chun cinn lena dtacófar le fás inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgí airgeadais inbhuanaithe, agus a bheidh curtha in oiriúint d'fhachtóirí aeráide. Oibreoidh an tAontas freisin le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn agus chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú ag an am céanna, agus staid gach comhpháirtithe á cur san áireamh. Beidh ról tábhachtach ag Comharsanacht an Deiscirt i mbaint amach an chuspóra maidir le domhan a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de agus maidir le caidreamh fuinnimh *vis-à-vis* an Aontais, i measc nithe eile faoi chuimsiú an chomhair chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú le bearta chun bithéagsúlacht shaibhir imchuach na Meánmhara, ar lárionad uathúil éagsúlaithe é do speicis fauna agus flora, a chaomhnú, a chosaint, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní a áirithiú, lena n-áirítear uisce, agus chun córais bia inbhuanaithe a neartú.

12. Is uirlis chumhachtach é an Geilleagar Gorm chun earraí coiteanna na Meánmhara a bhainistiú, rud a chuireann geilleagair inbhuanaithe chun cinn i réigiún na Meánmhara ós rud go mbaintear amach cothromaíocht idir an fás eacnamaíoch, slite beatha feabhsaithe agus cuimsiú sóisialta, ar thaobh amháin, agus caomhnú, cosaint agus athshlánú éiceachóras muirí agus cósta agus bithéagsúlachta, úsáid inbhuanaithe acmhainní, cur chun cinn na turasóireachta inbhuanaithe, agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Déanfaidh an tAontas cumas an Gheilleagair Ghoirm sa Mheánmhuir a chomhtháthú sa phleanáil forbartha eacnamaíche, in éineacht leis an ngeilleagar sóisialta. Sa chreat sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá machnamh a dhéanamh ar an dearbhú aireachta ón Aontas don Réigiún Meánmhuirí maidir leis an nGeilleagar Gorm Inbhuanaithe (an 2 Feabhra 2021) agus ar an obair a cuireadh chun feidhme laistigh den Tionscnamh le haghaidh forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm i réigiún na Meánmhara Thiar (Tionscnamh WestMED).

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, ar na dúshláin a bhaineann leis an easáitiú éigeantach, leis an imirce neamhrialta, chomh maith le gach gné eile den imirce agus den tsoghluaisteacht, lena n-áirítear imirce dhleathach, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát, trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha, saincheaptha atá chun tairbhe an dá thaobh agus atá bunaithe ar chomhleasanna agus ar ghealltanais. Agus an comhar sin á shaothrú aige, cuirfidh an tAontas cur chuige 'an bealach uile' i bhfeidhm, agus cuirfidh sé san áireamh freisin an comhar agus agus an cur chun feidhme éifeachtach arna dhéanamh ag ár gcomhpháirtithe i ndáil le comhaontuithe agus idirphlé an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir leis an imirce, féachfaidh sé le torthaí nithiúla a bhaint amach agus déanfaidh sé a dhícheall le go mbeidh comhordú éifeachtach ann idir iarrachtaí an Aontais, na mBallstát agus Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt i gcomhréir le cur chuige Fhoireann na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas tiomanta go láidir i gcónaí don chosaint idirnáisiúnta, agus do réitigh tarrthála a chur ar fáil, lena n-áirítear bás daoine ar muir a chosc, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do phobail óstacha agus idirthurais sa réigiún. Oibreoidh sé freisin le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh, chun deiseanna socheacnamaíocha a fhorbairt, go háirithe peirspictíochtaí feabhsaithe do dhaoine óga, lena n-áirítear trí thionscnaimh dá bhforáiltear sa Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta i gcomhthéacs an téarnaimh ó COVID-19. Acmhainneachtaí a neartú le haghaidh rialú éifeachtach na himirce agus an tearmainn, lena n-áirítear maidir le bainistiú teorainneacha, fothú acmhainneachta a chur ar fáil i réimse an chuardaigh agus na tarrthála, comhar feabhsaithe cuimsitheach maidir le filleadh agus athligean isteach, agus na beartais ábhartha uile atá ar fáil don Aontas a úsáid, agus athimeascadh inbhuanaithe, lena n-áirítear filleadh deonach a chothú, beidh sé sin ar fad mar phríomhthosaíochtaí againn. Ba cheart dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí coiteanna atá á ndéanamh chun gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach a chomhrac. Is mian leis an Aontas ról a thabhairt do Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt chun aghaidh a thabhairt ar an tsoghluaisteacht agus ar gach gné den imirce, lena n-áirítear imirce dhleathach, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát. Ba cheart tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an gcomhar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal foréigiúnach, lena n-áirítear trí chomhar triantánach agus comhar theas-theas agus trí chomhar tríthaobhach leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaithe réigiúnacha. Tacóidh an tAontas go hiomlán leis na hiarrachtaí sin trí na huirlisí agus na hionstraimí beartais ábhartha uile a úsáid, agus trí chistiú leordhóthanach intuartha a áirithiú i gcomhréir leis na hionstraimí ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda. D'fhéadfadh úsáid an tsásra cistiúcháin sholúbtha a bheith i gceist leis sin, mar atá leagtha amach san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Domhanda.

14. Ag tógáil ar an dlúthpháirtíocht a athdhearbhaíodh le linn phaindéim Covid-19, tacaíonn an Chomhairle leis an gcomhar idir an tAontas agus a chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt chun acmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha na gcóras sláinte a neartú agus chun cabhrú leis na daoine is leochailí agus leo siúd atá i mbaol. Is é tiomantas na Comhairle i gcónaí rochtain ar vacsaíní a fheabhsú do ghrúpaí tosaíochtaí inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin, bunaithe ar phrionsabail choiteanna, agus tacú le cur chuige domhanda trí bhíthin na saoráide COVAX mar an tionscnamh domhanda lena áirithiú go mbeidh rochtain chóir chothrom ar vacsaíní atá sábháilte agus éifeachtach. Meabhraítear di ról an Aontais agus a Bhallstát mar phríomhdheontóirí na saoráide COVAX, saoráid trína gcuirfear vacsaíní ar fáil do thíortha comhpháirtíochta uile an Deiscirt ar bhealach cothrom trédhearcach.

15. Tá na coinbhleachtaí agus na géarchéimeanna sa réigiún ar na cúiseanna is mó leis an bhfulaingt dhaonna. Is bacainní móra freisin iad ar an gcobhsaíocht pholaitiúil agus ar an bhforbairt inbhuanaithe. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí athnuaite chun coinbhleachtaí a sheachaint agus a réiteach agus ar mhaithe le cobhsú iarchoinbhleachta agus cothú na síochána, ag úsáid na n-uirlisí uile ata ar fáil don Aontas agus do Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt, lena n-áirítear bearta cothaithe muiníne a chur chun cinn ar bhealach comhtháite agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile. Ba cheart idirphlé polaitiúil uasghrádaithe neartaithe ar fud na Meánmhara a fhorbairt chun muinín a chothú, teannas a laghdú agus chun cur le réiteach coinbhleachtaí agus, ina theannta sin, chun cur leis an bhfuinneamh a gríosaíodh de bharr an dul chun cinn dearfach a rinneadh le déanaí sa réigiún máguaird. Aithníonn sí gur níos measa atá an iomaí dúshlán sa réigiún de bharr an athraithe aeráide. Athdhearbhaíonn an Chomhairle, agus réitigh á lorg aici ar ghéarchéimeanna sa réigiún, go leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus de phlé a dhéanamh le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, go háirithe Léig na Stát Arabach, an tAontas Afracach, agus eagraíochtaí ábhartha foréigiúnacha mar aon le geallsealbhóirí réigiúnacha agus domhanda eile. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé cloí leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear *inter alia* UNCLOS. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá rannpháirtíocht iomlán, chothrom, fhóinteach na mban mar aon leis an ról lárnach atá ag an óige a mhéid a bhaineann le cosc agus réiteach coinbhleachtaí agus cothú na síochána.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil sé chun leas an Aontais agus a Chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt tacú le córas iltaobhach atreisithe atá oiriúnach dá fheidhm agus a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár. Is mian léi dul i mbun plé le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt i bhfóraim iltaobhacha, go háirithe maidir leis an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil, maidir le saincheisteanna domhanda ar bhonn Chlár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus maidir leis an trádáil riailbhunaithe, an smacht reachta, an dea-rialachas agus an urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a neartú.

17. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur bagairtí móra iad an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an radacú, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha chomh maith leis an gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear trádáil arm tine neamhdhleathach agus gáinneáil aindleathach ar mhaoin chultúrtha; ar bagairtí iad ar fad a mbíonn tionchar acu ar chósta na Meánmhara agus iad idirnasctha lena chéile go minic. Is mian leis an Aontas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcomhar le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt sa réimse seo, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán, go háirithe trí idirphlé slándála a dhoimhniú, acmhainneachtaí a threisiú, lena n-áirítear chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, chomh maith le sreabha aindleathacha airgeadais agus gáinneáil aindleathach, agus scriosadh na hoidhreachta cultúrtha. Tá sé ag tnúth le feabhas a chur ar an gcomhar i gcoinne cibearbhagairtí trí chibear-athléimneacht a fhorbairt, trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachtaí a fhorbairt agus trí leas iomlán a bhaint as na creataí idirnáisiúnta atá ann cheana chun cibearspás oscailte, saor, cobhsaí, slán a chur chun cinn. Tacaíonn an Chomhairle le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta agus breithiúnach idir Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt agus Gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ábhartha a thabhairt i gcrích, agus trí chomhar a fhorbairt maidir le Riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch a Mhaolú agus Núicléach, agus maidir le cosaint shibhialta agus bainistiú rioscaí tubaiste agus maidir leis an gcibearchoireacht. Is díol sásaimh di an moladh go dtairgfí pacáistí slándála níos cuimsithí do Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt atá réidh le comhar a dhoimhniú maidir le raon saincheisteanna, lena n-áirítear an comhar oibríochtúil. Leanfaidh an tAontas d’aird ar leith a thabhairt ar an easpa slándála i limistéar na Saiheile agus an tSahára mar gheall ar an éifeacht iarmharta atá aici ar réigiún na Meánmhara.

18. Aithníonn an Chomhairle gurb iad an t-idirphlé agus an comhar réigiúnach an bealach is fearr chun gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais lena Comhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt a bharrfheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, ar dúshláin réigiúnacha iad go leor acu. Iarrann sí go gcuirfí feabhas ar an gcomhar réigiúnach, foréigiúnach agus idir-réigiúnach. Admhaíonn an Chomhairle ról an Aontais don Meánmhuir (UfM) mar ardán fíor-riachtanach don chomhar réigiúnach, agus iarrann sí go ndíreofaí níos mó ar chomhar foréigiúnach, agus an t-idirphlé atá ann cheana á chur san áireamh. Misníonn sí freisin tionscnaimh a dhéanamh chun tacú leis an gcomhar maidir le hearraí coiteanna na Meánmhara a chur chun cinn tuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle na tograí chun comhar idir-réigiúnach a fhorbairt, go háirithe idir an Afraic Thuaidh agus an Afraic fho-Shahárach, agus le réigiúin na Murascaille agus na Mara Rua, lena n-áirítear trí thionscnaimh phragmatacha atá bunaithe ar gheoiméadracht athraitheach, lena n-áirítear comhar tríthaobhach mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí.

19. Bainfidh an tAontas leas as na hionstraimí uile atá aige, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda, agus CEFI+ chun leathadh amach éifeachtúil, éifeachtach, saincheaptha an Chláir don Mheánmhuir a áirithiú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle prionsabail na húinéireachta agus na difreála atá cumhdaithe i mBeartas Comharsanachta na hEorpa. Leanann na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta nó na doiciméid choibhéiseacha de bheith ina gcreat polaitiúil riachtanach le haghaidh na rannpháirtíochta déthaobhaí le Comhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt. Ar bhonn an chur chuige dreasacht-bhunaithe a leagtar amach san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda, déanfar an tacaíocht ón Aontas a choigeartú de réir uaillmhianta gach comhpháirtí agus de réir a leibhéil cur chun feidhme maidir le luachanna comhroinnte agus athchóiriú. Áirítear leis sin tacaíocht a bhunú ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn i dtreo athchóirithe, go háirithe na hathchóirithe sin arna gcomhaontú go comhpháirteach. Tá an Chomhairle ag tnúth le tús mear a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta agus le rannpháirtíocht iomlán na Comhairle sa phróiseas sin le Comhpháirtithe uile Chomharsanacht an Deiscirt, mar go mbeidh na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta mar bhonn do chlársceidealú cúnaimh agus d'úsáid chomhtháite chomhleanúnach ionstraimí eile i gcomhréir le leas agus luachanna an Aontais agus Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do chur chuige Fhoireann na hEorpa, tá sí réidh chun feabhas a chur ar iarrachtaí chun oibriú le chéile ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí chomhphleanáil agus trí TAIEX agus Nascadh a shlógadh, agus iarrann sí go mbeadh cur chuige níos straitéisí agus níos cuimsithí inár gcuid iarrachtaí i réimse na cabhrach um fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhiarrachtaí cumarsáide straitéisí. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa tionscnaimh Fhoireann na hEorpa a chomhordú go dlúth agus iad a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i bpáirt le chéile agus ar bhealach cuimsitheach. Comhghnóthas is ea cur chun feidhme na gConclúidí seo ón gComhairle agus freagracht chomhroinnte ar institiúidí an Aontais agus na Ballstáit is ea é. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar a mbeidh bainte amach faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta. Déanfaidh sé athbhreithniú ar an gClár Oibre don Mheánmhuir agus ar na Conclúidí seo ón gComhairle in 2024. Tá sé ar intinn ag an gComhairle tuairisciú a dhéanamh i gcomhpháirt leis an gCoimisiún agus le SEGS, ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2021, maidir leis an dul chun cinn ó thaobh an Clár Oibre nua don Mheánmhuir agus a Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta a oibríochtú.